# Sábháilteacht ar Bhóithre

Eochairfhocail: fochoiste, contúirteach, beartas sábháilteachta, trasnú, trasrian, aighneacht, an Chomhairle Chontae

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríbhneoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cén ceantar i nGaillimh trínar shiúil daltaí agus tuismitheoirí Scoil Shéamais Naofa an tseachtain seo?
2. Cén fáth ar eagraíodh an mórshiúl seo?
3. Cad a rinne fochoiste na dtuismitheoirí sa scoil?
4. Cad í an chúis imní is mó atá ar Cathy Mulligan?
5. Céard é an rud is mó atá ag teastáil ón scoil dar leis an bpríomhoide?
6. Ar thug an Chomhairle Chontae freagra ar cheisteanna Nuacht TG4 don mhír seo?
7. Ainmnigh an dá cheantar eile a luann an tuairisceoir ina bhfuil scoileanna ag gearán faoin mbóthar.
8. Cad leis a bhfuil Scoil na bhForbacha ag súil a bheith tógtha roimh dheireadh na bliana seo chugainn?
9. Cathain a bheidh an obair thógála ag tosú in aice le Scoil Sailearna?
10. Cén saghas ceantair ina bhfuil do scoil féin lonnaithe?




# Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Léamhthuiscint

Tá Scoil Shéamais Naofa i mBearna ar an bhfód le fada an lá. Sa naoú céad déag bhí dhá scoil bheaga éagsúla ann, scoil na gcailíní agus scoil na mbuachaillí. Rinneadh cónascadh idir an dá scoil sa bhliain 1937 agus is scoil mheasctha í Scoil Shéamais Naofa ó shin. Sna seanlaethanta bhíodh ar na páistí scoile fód móna a thabhairt leo ar scoil gach lá le haghaidh na tine. Ba í an tine an t-aon fhoinse teasa a bhíodh sa scoil an t-am sin. Anuas air sin, ní bhíodh aon leithreas taobh istigh den scoil. Bhíodh na leithris taobh amuigh. Tháinig fás agus forbairt ar an scoil de réir mar a d'fhás daonra Bhearna le himeacht na mblianta. Cuireadh leis an scoil sna seachtóidí agus tógadh foirgneamh scoile nua sna hochtóidí. Is é an foirgneamh dhá stór sin a tógadh sna hochtóidí an foirgneamh ina bhfuil an scoil fós sa lá atá inniu ann. Freastalaíonn thart ar 250 dalta ar an scoil anois. Is sa Ghaeltacht atá an scoil lonnaithe mar sin is í an Ghaeilge teanga na scoile.

**Ceisteanna Bunúsacha agus Gramadaí**

1. Cathain a tháinig an dá scoil éagsúla le chéile mar aon scoil amháin i mBearna?
2. Cad a bhíodh ar na páistí a thabhairt leo ar scoil sna seanlaethanta?
3. An raibh aon leithris inmheánacha ag an scoil an t-am sin?
4. Cad a tógadh ar láthair na scoile sna hochtóidí?
5. Cé mhéad dalta a fhreastalaíonn ar an scoil anois?
6. Cad í teanga labhartha phobal Scoil Shéamais Naofa?
7. Aimsigh sampla amháin den saorbhriathar san aimsir chaite sa sliocht.
8. Aimsigh sampla amháin den aimsir ghnáthchaite atá sa sliocht.
9. Aimsigh sampla amháin de ainmfhocal baininscneach sa sliocht. scoil,
10. Aimsigh sampla amháin den tuiseal ginideach iolra sa sliocht.



## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Samhlaigh gur tú duine de na daltaí sa cheantar sin i nGaillimh a shiúlann ar scoil gach lá. Déan cur síos ar a chontúirtí is atá sé siúl ar scoil agus an bóthar gnóthach sin a thrasnú. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat. Is leor 150 focal sa chur síos.**

- bóthar thar a bheith gnóthach
- scanrúil
- ó éirí go luí na gréine
- ag éirí níos gnóthaí
- trácht trom
- ó Luan go hAoine
- trasrian do choisithe
- ag teastáil go géar
- tá an-imní go deo ar ár dtuismitheoirí
- róbhaolach
- réiteach na faidhbe
- Is fada liom go mbeidh ....

Freagraí

1. Bearna
2. Chun aird a tharraingt ar an easpa dul chun cinn atá déanta ó thaobh beartas sábháilteachta a chur i bhfeidhm ar an bpríomhbhóthar, an R336
3. Bhailigh siad airgead le measúnú sábháilteachta a dhéanamh ar an mbóthar agus tugadh go dtí an Chomhairle Chontae é
4. Nach ndéanfar aon rud leis an mbóthar go dtí go dtarlóidh timpiste
5. Trasnú sábháilte ón scoil go dtí an stáisiún nua
6. Níor thug
7. Indreabhán, na Forbacha
8. Trasrian coisithe le soilse
9. Roimh laethanta saoire an tsamhraidh

1. 1937
2. Fód móna
3. Ní raibh
4. Foirgneamh nua
5. Thart ar 250
6. an Ghaeilge
7. Rinneadh, cuireadh, tógadh
8. Bhíodh
9. Scoil, Gaeltacht, Gaeilge, teanga, bliain, móin, tine, foinse, forbairt
10. Na gcailíní, na mbuachaillí, na mblianta